Straitéis Turasóireachta Bhéal Feirste

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fhoirgneamh nua i mBéal Feirste. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

Cén t-ainm atá ar long cháiliúil Bhéal Feirste a tógadh timpeall céad bliain ó shin?

Cad atá ar eolas agat faoin long agus a céad turas?

Ceist 2 Anois gan féachaint go fóill, déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Builders	Straitéis
Building	Cheana féin
Area/Region	Gailearaí
Famous	Cuairteoir
Gallery	Long
Strategy	Clúiteach
Ship	Ceantar
Already	Díolta
Sold	Tógálaithe
Visitor	Foirgneamh

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus abair an bhfuil na frásaí thíos fíor nó bréagach.

1. Chuaigh an Titanic go tóin poill ar an dara lá d'Aibreán 1912

Fíor/Bréagach

2. Is é seo an togra turasóireachta is daoire a tógadh sa Tuaisceart.

Fíor/Bréagach

3. Beidh gailearaí ann ag insint scéal an Titanic.

Fíor/Bréagach

4. Tá an foirgneamh tábhachtach i straitéis turasóireachta an Tuaiscirt

Fíor/Bréagach

5. Chruthaigh an togra os cionn seacht gcéad post

Fíor/Bréagach

6. Tá caoga míle ticéad díolta

Fíor/Bréagach

7. Tá siad ag súil le os cionn 400,000 cuairteoir sa chéad bhliain

Fíor/Bréagach

Ceist 4 **a)'…***an Titanic a* ***chuaigh*** …'

Cén sórt briathair atá i gceist thuas?

Anois déan iarracht na briathra neamhrialta a liostáil sa bhosca thíos.

Líon amach leagan an bhriathair san aimsir chaite.

Cum abairt chun brí an fhocail a mhíniú.

Briathar	A.Chaite	Abairt
1		
2		
3		
4		
5		
6		
7		
8		
9		
10		
11		

b) '…*íomhá thábhachtach'*

Cén fáth go bhfuil séimhiú ar 'tábhachtach' thuas?

Déan iarracht na lúibíní a bhaint agus an aidiacht cheart a úsáid.

1. An (fear) (gairmiúil)_____
2. An (bean) (mór)_____
3. An (cailín) (cliste)_____
4. An (fuinneog) (glan)_____
5. An (máthair) (dílis)_____
6. An (imreoir) (cáiliúil)_____
7. An (leabharlann) (mór)_____

Ceist 5 Déan iarracht na bearnaí thíos a líonadh leis an bhfocal ceart

Tá _____ an Titanic anseo le hoscailt go _____ ag deireadh Mhí Mhárta. Cheana féin tá _____50 míle ticéad _____ agus ___ag súil le os cionn 400,000 cuairteoir ar fad sa chéad _____.

táthar, díolta, foirgneamh, hoifigiúil, os cionn, bhliain,

Ceist 6 Déan iarracht abairt a chumadh chun brí na bhfocal thíos a léiriú:

i. ullmhúcháin, ii. tábhachtach, iii. cathair, iv. an domhain, v. cheana féin.

Treoracha

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé i ngrúpaí beaga nó leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Builders_____Tógálaithe

Building_____Foirgneamh

Area/Region _____Ceantar

Famous_____Clúiteach

Gallery_____Gailearaí

Strategy_____Straitéis

Ship _____Long

Already_____Cheana féin

Sold _____Díolta

Visitor_____Cuairteoir

Ceist 3

1. Chuaigh an Titanic go tóin poill ar an dara lá d'Aibreán 1912
   Fíor/**Bréagach**
2. Is é seo an togra turasóireachta is daoire a tógadh sa Tuaisceart.
   Fíor/Bréagach
3. Beidh gailearaí ann ag insint scéal an Titanic.
   Fíor/Bréagach
4. Tá an foirgneamh tábhachtach i straitéis turasóireachta an Tuaiscirt
   Fíor/Bréagach
5. Chruthaigh an togra os cionn seacht gcéad post
   Fíor/**Bréagach**
6. Tá caoga míle ticéad díolta
   Fíor/Bréagach
7. Tá siad ag súil le os cionn 500,000 cuairteoir sa chéad bhliain
   Fíor/**Bréagach**

Ceist 4 **'…***an Titanic a* ***chuaigh*** …'

Briathar neamhrialta-'téigh'-aimsir chaite atá i gceist.

Briathar	A.Chaite	Abairt
1 Abair	Dúirt	Dúirt mé an méid sin leis inné.
2 Feic	Chonaic	Chonaic mé an ghrian ag dul faoi aréir
3 Faigh	Fuair	Fuair mé mo chuid torthaí an tseachtain seo caite.
4 Téigh	Chuaigh	Chuaigh mé abhaile go dtí m'áit dhúchais anuraidh.
5 Beir	Rug	Rug mé ar an liathróid faoi dhó sa chluiche deireanach.
6 Déan	Rinne	Rinne mé mo dhícheall nuair a bhí mé ar scoil.
7 Clois	Chuala	Chuala mé ar an raidió an lá cheana é.
8 Ith	D'ith	D'ith mé gach briosca a bhí leagtha ar an mbord.
9 Tabhair	Thug	Thug mé m'eochair dó níos luaithe.
10 Tar	Tháinig	Tháinig an Pápa ar cuairt sa bhliain 1979.
11 Bí	Bhí	Bhí mé dána nuair a bhí mé óg.

b) **'…***íomhá thábhachtach'*

Tá séimhiú ar 'tábhachtach' mar go ndéanann sé tagairt don bhfocal "íomhá", atá baininscneach. Má tá an aidiacht baininscneach beidh séimhiú ar an aidiacht más féidir.

1. An fear gairmiúil
2. An b**h**ean m**h**ór
3. An cailín cliste
4. An f**h**uinneog g**h**lan
5. An m**h**áthair d**h**ílis
6. An **t-**imreoir cáiliúil
7. An leabharlann m**h**ór

Ceist 5 Tá **foirgneamh** an Titanic anseo le hoscailt go **hoifigiúil** ag deireadh Mhí Mhárta. Cheana féin tá **os cionn** 50 míle ticéad **díolta** agus **táthar** ag súil le os cionn 400,000 cuairteoir ar fad sa chéad **bhliain.**

Ceist 6 Ba cheart abairtí a chumadh chun brí na bhfocal a léiriú

i. Caithfimid go leor ullmhúcháin a dhéanamh do na scrúduithe.

ii. Tá do shláinte tábhachtach.

iii. Tá baile níos mó ná sráidbhaile, ach tá cathair níos mó fós.

iv. Tá Éireannaigh scaipthe ar fud an domhain.

v. Chuaigh mé chun Seán a bhailiú ach bhí sé imithe cheana féin

Éimear Ní Chonaola

Tá ullmhúcháin faoi lán tseoil i mBéal Feirste le comóradh céad bliain a dhéanamh ar an long, an Titanic a chuaigh go tóin Poill an dara lá déag d'Aibreán 1912. Ba sa chathair[1] a thóg an comhlacht Harland and Wolff an long.

Áine Ní Ghallchóir

Bhí bail-chríoch á chur ar a mhacasamhail den long Titanic inniu, an togra turasóireachta ba dhaoire a tógadh i dTuaisceart Éireann. Ní "Déanta i mBéal Feirste' mana a bheidh mórán tógálaithe in ann a úsáid i láthair na huaire ach tá os cionn sé chéad post cruthaithe anseo. Tá Titanic Bhéal Feirste suite in aice le habhainn an Lagáin sa cheantar inár tógadh agus inár seoladh an long chlúiteach. Beidh gailearaí san fhoirgneamh ag insint scéal an Titanic agus na ndaoine áitiúla a thóg í.

Tá an foirgneamh sin mar cheann de na foirgnimh is tábhachtaí sa[2] straitéis turasóireachta don Tuaisceart. Tá sé an- …. tá mé cinnte go bhfuil difear idir an foirgneamh sin agus na rudaí eile atá thart, ar an ábhar go bhfuil sé ar intinn ag an fhoirgneamh[3] go bhfuil íomhá thábhachtach[4] faoin fhoirgneamh, go bhfuil daoine ábalta rud a aithint ar fud fad an domhain agus go bhfuil sé chomh difriúil sin go bhfuil sé ag mealladh daoine chuig an áit.

Áine Ní Ghallchóir

Tá foirgneamh an Titanic anseo le hoscailt go hoifigiúil ag deireadh Mhí Mhárta. Cheana féin tá os cionn 50 míle ticéad díolta agus táthar ag súil le os cionn 400,000 cuairteoir ar fad sa chéad bhliain.

Áine Ní Ghallchóir

Nuacht TG4

Béal Feirste

---

[1] Sa gcathair a deirtear sa mhír
[2] insan a deirtear sa mhír
[3] canúint Uladh
[4] tábhachtach a deirtear sa sliocht